Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Meán Fómhair 2024
(OR. en)

12520/24
PV CONS 44
RELEX 1031

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eachtracha)

22 Iúil 2024

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 12400/24.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 12055/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san aguisín.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 12056/24

Ceartas agus Gnóthaí Baile

1. **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 a mhéid a bhaineann le sealbhóirí pasanna Seirbiacha arna n-eisiúint ag Stiúrthóireacht na Seirbia um Chomhordú** ❶C
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

12085/24
PE-CONS 81/24
VISA

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Bunús dlí: Airteagal 77(2), pointe (a), CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac Éire páirt sa vótáil.

An Margadh Inmheánach agus an Tionsclaíocht

2. **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1009 a mhéid a bhaineann le lipéadú digiteach tháirgí leasacháin AE** ❶C
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

12018/24 + ADD 1
PE-CONS 13/24
MI

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Bunús dlí: Airteagal 114 CFAE). Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

Iascach

**3. Rialachán lena leagtar síos bearta caomhnaithe, bainistithe agus rialaithe is infheidhme sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh thoir thuaidh**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

❶C 12019/24
PE-CONS 32/24
PECHE

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (Bunús dlí: Airteagal 43(2) CFAE).

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. Cúrsaí reatha

4. Fogha na Rúise faoin Úcráin[1]
*Seisiún tuairimíochta*

5. An staid sa Mheánoirthear
*Seisiún tuairimíochta*

6. Aon ghnó eile

---

[1] Lena n-áirítear seisiún neamhfhoirmiúil tuairimíochta le hAire Gnóthaí Eachtracha na hÚcráine (trí fhíschomhdháil)

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 12056/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1009 a mhéid a bhaineann le lipéadú digiteach tháirgí leasacháin AE**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN IODÁIL**

'An Rialachán atá á bheartú maidir le lipéadú digiteach tháirgí leasacháin an Aontais, is uirlis é lena gcuirtear chun cinn próisis digiteála na hearnála talmhaíochta ina hiomláine agus lena gcuirfear ar chumas na n-oibreoirí uile sa tionscal faisnéis a chur in iúl agus a bhainistiú ar bhealach sofhreagrúil éifeachtúil. Is cosúil nach dtacaíonn an togra ach go páirteach le forbairt an phróisis teicneolaíochta – próiseas atá á chur chun cinn go forleathan ag earnáil na talmhaíochta ina hiomláine – trí chosc a chur ar thrasghluaiseacht faisnéise áirithe laistigh den roinn dhigiteach amháin. Ina theannta sin, tá úsáid na huirlise sin á plé faoi láthair freisin maidir le modhanna teicniúla eile don talmhaíocht, táirgí cosanta plandaí, mar shampla, atá ríthábhachtach freisin chun táirgeadh leordhóthanach talmhaíochta a ráthú.

Dá bhrí sin, ós rud é go bhféadfaí bainistiú níos fearr a dhéanamh ar lipéid agus ar phacáistíocht d'fhonn tuilleadh inbhuanaitheachta a bhaint amach ach raon feidhme an lipéadaithe dhigitigh a leathnú chuig gach faisnéis seachas ceanglais sábháilteachta do shláinte an duine, sláinte ainmhithe agus sláinte an chomhshaoil, táthar ag súil go bhféadfar nuashonruithe tapa a dhéanamh ar an togra chun tacú leis an aistriú digiteach agus chun an fhaisnéis theicniúil iomlán chuimsitheach a éilítear go minic sa lá atá inniu ann a sholáthar don fheirmeoir go furasta.'

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

'Feictear do Phoblacht na Slóvaice go bhfuil deiseanna ag baint le tabhairt isteach an lipéadaithe dhigitigh leasachán, deiseanna chun feabhas a chur ar an tuairisciú faisnéise ar an lipéad. Tá dul chun cinn teicneolaíoch i gceist leis, agus cuidíonn sé le costais a laghdú do tháirgeoirí leasacháin agus don slabhra soláthair ina iomláine. Is oth linn, dá bhrí sin, nach raibh togra níos uaillmhianaí mar thoradh ar chomhaontú deiridh na gcomhreachtóirí, togra as a dtiocfadh laghdú níos suntasaí ar na costais d'oibreoirí eacnamaíocha, cuíchóiriú an lipéadaithe agus laghdú ar dhramhaíl ó phacáistíocht, agus a thabharfadh ar oibreoirí úsáid níos fearr a bhaint as lipéadú digiteach sa deireadh thiar. Bheadh tuilleadh buntáistí i gceist leis an méid sin ó thaobh na heacnamaíochta agus an chomhshaoil de.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

Cuireann an Coimisiún in iúl gur cúis imní dó foclaíocht na habairte deiridh d'aithris 12 ('*Meabhraítear go bhfuil sé fíor-riachtanach freisin go bhfuil an fhaisnéis is gá dá dtagraítear i Rialachán 2023/988 ag an úsáideoir deiridh chun go mbeidh sé in ann an duine atá freagrach as táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais a shainaithint agus teagmháil a dhéanamh leis.*').

Airteagal 16 de Rialachán 2023/988 [maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí], lena leagtar síos an oibleagáid 'duine atá freagrach' a bhunú le haghaidh táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais, measann an Coimisiún nach bhfuil feidhm ag an Airteagal sin maidir le táirgí atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/1009.'